Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Scéal Oilibhéir

Nuachtlitir 16-10-2020

Dearbhú um Fhilleadh ar Scoil| *Return to School Declaration*

Má tá do pháiste as láthair aon lá, tá Dearbhú le déanamh agat sular féidir leo teacht ar ais ar scoil. Tá sé le fáil ar Aladdin do pháiste. Is cuma cad ba chúis leis an asláithreacht, **caithfear an Dearbhú seo a dhéanamh**. Má tá aon deacracht agat, tar i dteagmháil liom. Scaip an scéal seo le bhur dtoil.

*If your child is absent any day, there is a Declaration to be made before they can return to school. It is available on Aladdin. It doesn't matter what the reason for absence is, **this Declaration must be made**. If you have any difficulty, please get in touch. Please share this information*

Naomh Oilibhéar Pluincéad | *Saint Oliver Plunkett*

De ghnáth bíonn Aifreann Oilibhéir againn am seo na bliana chun naomhú Oilibhéir Pluincéid a cheiliúradh. Rinneadh naomh de ar an 12 Deireadh Fómhair 1975 agus ainmníodh an Ghaelscoil nua i mBaile Átha Cliath 15 as dá bharr. Tá na ranganna ag plé a shaoil is a bháis ar bhealach atá oiriúnach dá n-aois. Déanaimis ár ndícheall sampla a bhuanseasmhachta agus a dhíograise a leanúint sna hamanna dúshlánacha seo. Rugadh Oilibhéar Pluincéad sa bhliain 1625 i Loch Criú, Co. Na Mí. Bhí a thuismitheoirí go maith as agus cuireadh go dtí an Róimh é in 1647 chuig **Coláiste na nGael** le dul leis an tsagartacht. Tháinig sé ar ais go hÉirinn 1670 ach de bharr na **bpéindlithe**, bhí **géarleanúint** ar siúl ar na sagairt in Éirinn agus bhí orthu an tír a fhágáil ar phian an bháis. Dhiúltaigh Oilibhéar Pluincéad muintir na hÉireann a **thréigean** agus chuaigh sé timpeall na tíre i m**bréagriocht** ag freastal ar riachtanais spioradálta na ndaoine. Rugadh air faoi dheireadh agus cuireadh **ardtreás** ina leith. Thuig na húdaráis nach bhfaighfí **ciontach** é in Éirinn agus cuireadh go Sasana é don triail. Thug daoine **fianaise bhréagach** ina choinne agus fuarthas **ciontach** é. Cuireadh chun báis uafásach é. Ba **mhairtíreach** é mar go bhfuair sé bás ar son a chreidimh. Rinneadh Naomh de in 1975 agus **ainmníodh Scoil Oilibhéir as**.

*Usually we have St. Oliver's Mass around this time of year to celebrate the canonisation of Oliver Plunkett. He was made a saint on 12 October 1975, and the new Gaelscoil in Dublin 15 was named after him as a result. The classes are discussing his life and death in an age-appropriate way. Let's do our best to follow his example of perseverance and determination in these challenging times. Oliver Plunkett was born in Loughcrew, Co. Meath in 1625. His parents were well off and he was sent to Rome in 1647 to the **Irish College** to train as a priest. He returned to Ireland in 1670 but becasue of the **Penal Laws,** priests in Ireland were being **persecuted** and they had to leave the country on pain of death. Oliver Plunkett refued to **abandon** the people of Ireland and went around the country in a disguise, serving the spiritual needs of the people. He was caught eventually and accused of **High Treason**. The authorities understood he would never be found **guilty** in Ireland and he was sent to England for trial. People gave false evidence against him and he was found guilty. He was put to death horribly. He was a **martyr** because he died for his faith. He was canonised in 1975 and **Scoil Oilibhéir was named after him**.*



Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Oíche Shamhna | *Halloween*

Beidh cead ag na páistí gléasadh suas d'Oíche Shamhna ar an Aoine 23 Deireadh Fómhair. Beidh cead ag na páistí feisteas a chaitheamh ach ní bheidh cead acu mascanna a chaitheamh ná aon uirlis troda/slat draíochta/bréagán a thabhairt ar scoil. Beidh cead acu milseáin a thabhairt isteach (gan chnónna!) ach ní bheidh cead acu na rudaí deasa a roinnt. Bí cinnte de le do thoil go bhfuil do pháiste in ann iad féin a bhainistiú sa chlós/sa leithreas san fheisteas. Bí cúúúúúúúúúúúúúramach amuigh ansin!

The children will be permitted to dress up for Halloween on Friday 23 October. The children will be permitted to wear a costume but masks will not be allowed and no weapons/magic wands/toys are to be brought to school. They will be permited to bring sweets (without any nuts!) for a little party but they will not be allowed share their treats. Please ensure your child can manage themselves in the yard/the toilet in the costume. Be (s)careful out there!

Cruinnithe na dTuismitheoirí-Múinteoirí | *Parent Teacher Meetings*

Ní bheidh na cruinnithe seo ag tarlú go dtí i ndiaidh na Nollag ach más gá rud éigin a phlé leat roimhe sin, déanfaidh an múinteoir teagmháil leat chun cruinniú a eagrú. Is féidir leatsa comhrá a eagrú tríd an oifig más gá.

These meetings won't be happening until after Christmas but if the teacher feels it's necessary to discuss something with you before then, the teacher will contact you to organise a meeting. You can organise a conversation yourself through the office if needs be.

Aladdin **agus Cumarsáid** | *Aladdin and Communication*

Tá sé ríthábhachtach go bhfuil na sonraí teagmhála cearta ar Aladdin agus go bhfuil duine éigin saor i gcónaí chun an guthán a fhreagairt má chuirtear glaoch ort chun páiste a bhailiú.

It is crucial that the correct contact details are on Aladdin and that somebdy is always available to answer the phone if you are called to collect your child.

Mascanna Aghaidhe de dhíth ar láthair na scoilel | *Face masks required on school grounds*

Tá gach éinne ag glacadh leis an iarratas seo agus gabhaim buíochas libh go léir. Rud ar bith a chuireann daoine eile ar a suaimhneas, is fiú é.

Everyone is complying with this request and I extend my thanks to you all. Anything that makes other people feel more comfortable is well worth it.

Tuáille láimhe | *Hand Towel*

Caithfidh tuaílle láimhe a bheith ag gach páiste, gach lá.

Every child must have a hand towel every day.

Google Classroom

Mar cheann de na Scoileanna Gradaim Dhigitigh, tá sé i gceist againn roinnt oibre a dhéanamh ar na ríomhairí sa bhaile. Níl aon ghá le himní áfach! Bhí sé i gcónaí i gceist againn tógáil ar an obair iontach a rinneamar roimh an samhradh agus cé nach bhfuil aon scéal faoin gcianfhoghlaim faoi láthair, caithfimid glacadh leis go bhfuil an baol ann go dtarlóidh sé ag pointe éigin. Táimid ag tosú le tasc amháin ar an Luan do gach rang agus beidh go dtí an Déardaoin chun é a chríochnú. Ná bí buartha má tá aon deacracht agat le háiseanna/gléasanna/idirlíon srl. Seo seans dúinne féachaint go díreach conas atáimid agus má tá bearnaí ann, is féidir linn ár ndícheall a dhéanamh chun iad a líonadh. Déan iarracht logáil isteach thar an deireadh seachtaine le do thoil agus má tá aon fhadhb nó má tá sonraí logála isteach caillte agaibh, is féidir iad a fháil arís ach r-phost a chur chugam ag priomhoide.scoil.oilibheir@gmail.com. Is féidir teagmháil a dhéanamh liom faoi rún ag an seoladh seo freisin má tá fadhb agat le gléasannna/idirlíon srl. agus féachfaimid an féidir linn aon rud a dhéanamh duit. Ní bheidh aon bhrú agus nílimid chun aon rud casta a dhéanamh go dtí go bhfuil gach duine compordach. Fiú gan aon COVID, ba cheart go mbeimis ag baint úsáid as an teicneolaíocht atá againn anois chun tacú le foghlaim na bpáistí. Is deis í seo agus ní dúshlán!

As one of the Digital Schools of Distinction, we intend to do some work on the computers from home. There's no need to worry however! It was always our intention to build on the amazing work we all did before the summer and although there is no sign of remote learning happening at the moment, we have to accept that there is a risk of it happening at some point. We are starting with one task on Monday to be completed by Thursday. Please don't worry if you have difficulties with facilities/devices/internet etc. This is a great chance for us to see exactly how we're fixed and if there's gaps there we can try our best to fill them. Please try to log in over the weekend and if yu have any problems or you've lost the login details you can get them again by sending an email to priomhoide.scoil.oilibheir@gmail.com . You can also contact me there discreetly if you have any problem with devices/internet and we'll see what can be done. There will be no pressure and we will not be doing anything complicated until absolutely everybody is comfortable. Even with COVID, we should be using the technology we have to support the children's learning, This is an opportunity rather than a challenge!

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Taithí Oibre na hIdirbhliana | *Transition Year Work Experience*

Nílimid cinnte go fóill an mbeimid in ann glacadh le daltaí meánscoile don taithí oibre. Tá súil againn go dtiocfaidh feabhas ar chúrsaí agus go mbeimid in ann ach ní tharlóidh sé go dtí am éigin i ndiaidh na Nolllag. Mar a bhíonn gach bliain, beidh brú do na háiteanna agus ní bheimid in ann glacadh le gach duine sna seachtainí céanna. Tá cúpla pointe thíos.
Tá sé ríthábhachtach má tá dalta ag iarraidh teacht anseo go dtéann siad i dteagmháil liom le dátaí chomh luath agus is féidir. Tabharfar túsáite d'iardhaltaí na scoile agus do dhaltaí le Gaeilge.
Tuigfidh sibh ar ndóigh go bhfuil riachtanais ar leith maidir le Grinnfhiosrú na nGardaí agus ba mhaith liom a mhíniú;

- nach mbeimid in ann glacadh le dalta meánscoile mura bhfuil Grinnscrúdú na nGardaí déanta acu roimh thús na tréimhse.
- Is gá dóibh an fhoirm a fháil ón scoil agus an fhoirm a líonadh, ar a laghad, dhá mhí roimh thús na treimhse
- go bhfuil coinníollacha ar leith a bhaineann le páistí idir aois a 16 agus aois a 18 agus go mbeidh foirm le síniú ag a dtuismitheoirí freisin
- Ní féidir linn faoi láthair grinnscrúdú a dhéanamh ar pháistí faoi 16 bliana d'aois

Súil agam go bhfuil sé seo soiléir agus ar ndóigh, táim breá sásta é a phlé más gá.

We aren't sure yet will we be able to take secondary students for Work Experience. We hope that things will improve and that we will be able to take them but it won't happen until after Christmas. As is the case every year, there will be pressure for places and we will not be able to accept everyone in the same weeks. There are a few points below.
It is crucial that if a student wishes to come here that they get in touch with dates at the earliest opportunity.
Priority will be given to past-pupils and students with Gaeilge.
You will understand of course that there are certain requirements regarding Garda Vetting and we would like to explain that;

- *We won't be able to accept any student who isn't Garda Vetted before the beginning of the Work Experience.*
- *The form must be obtained from the school and returned at least two months before the beginning of the Work Experience.*
- *There are certain separate conditions pertaining to the vetting of students between 16 and 18 years of age and that there will be a form to be signed by their parents.*
- *We cannot at present vet children under 16*

I hope that's all clear and of course, I'd be delighetd to discuss it if necessary.

Nósanna Imeachta Nua um Ligean Isteach | *New Admissions Procedures*

Tá sé an-tábhachtach go dtuigeann gach duine go bhfuil Polasaí nua Iontrála i bhfeidhm do na Naíonáin Shóisearacha 2021! Is riachtanas reachtúil an leasú seo ar an bPolasaí Iontrála agus tharla sé ar bhonn náisiúnta, tá an Fógra Bliantúil Maidir le Ligean Isteach thíos mar chuid de. Gheobhaidh tú gach eolas eile faoin iontráil ar an suíomh ag http://www.gaelscoiloilibheir.ie/iontraacuteil--enrolment.html nó trí chliceáil anseo. Tugtar faoi deara, de réir an pholasaí seo, go bhfuil dualgas ar an tuismitheoir fianaise a sholáthar más mian leo go nglacfar leis go bfhuil leibhéal líofachta bainte amach ag a bpáiste atá ar leibhéal a mbeifear ag súil leis dá mbeadh an teanga á labhairt mar ghnáthmhodh cumarsáide i suíomh neamhoideachasúil, ag tógáil aois an pháiste agus aon riachtanais bhreise oideachais san áireamh, agus gur dócha go rachadh líofacht a bpáiste ar gcúl mura bhfaighidís áit sa scoil lán-Ghaeilge seo. Ba mhór agam é dá scaipfeadh sibh an t-eolas seo sna háiteanna cuí.
It's really important that everybody understand that there is a new Enrolment Policy in place for Junior Infants 2021. This revision of the Enrolment policy is a statutory requirement and has happened nationally, the Annual Enrolment Notice below is part of it. You will find all information about enrolment on the website at http://www.gaelscoiloilibheir.ie/iontraacuteil--enrolment.html or by clicking here. Please note, according to this policy, there is an obligation on the parent to provide evidence if they wish to have it acceoted that their child has attained a level of fluency in Irish which would be expected if the language was spoken at home as a regular means of communication in a non-educational environment, taking the age and any extra educational needs of the child into account and that it is likely that their child's fluency would regress unless they are given a place in this Irish medium school. I would really appreciate if you could share this information in the appropriate places

Chéad Chomaoineach Rang a Trí | *First Communion for Third Class*

Ar ndóigh, cuireadh an Chéad Chomaoineach ar athló arís agus táimid ag fanacht le scéal ón Ardeaspag anois faoi dháta eile nuair a deir an Rialtas go bhfuil sé ceadaithe.
Of course, we had to postpone the First Communion again and we await word from the Archbishop about a new date when the government says it's permitted.

Meánscoileanna | *Secondary schools*

Féach ar Aladdin do na sonráí ar fad atá faighte againn ó na meánscoileanna sa cheantar ach cuimhingh gur fútsa atá sé áit sa mheánscoil a eagrú do do pháiste.
Please see Aladdin for all the details we have gotten from the secondary schools in the area but please remember it is your responsibilty to organise a place in secondary school for your child.

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Scoil Oilibhéir

Fógra Bliantúil Maidir le Ligean Isteach

Annual Admission Notice

I dTaca le Ligean Isteach i Scoilbhliain 2021.2022

Polasaí um Ligean Isteach agus Foirm Iarratais

Tá cóip de Pholasaí na scoile um Ligean Isteach agus Foirm Iarratais um Ligean Isteach do 2021.2022 ar fáil mar seo a leanas: –

Le híoslódáil ag: www.gaelscoiloilibheir.ie

Ar iarratas: Ach ríomhphost a chur chuig runai.scoil.oilibheir@gmail.com nó scríobh chuig:

Scoil Oilibhéir
An Chúil Mhín
Cluain Saileach
Baile Átha Cliath 15
D15 PX99

CUID 1 - Ligean isteach i scoilbhliain 2021.2022

Dátaí Iarratais agus Cinnidh i gcomhair ligean isteach in 2021.2022

Is iad seo a leanas na dátaí is infheidhme maidir le ligean isteach sna Naíonáin Shóisearacha

Tosóidh an scoil ag glacadh le hiarratais i gcomhair ligean isteach ar	15 Deireadh Fómhair 2020
Stopfaidh an scoil ag glacadh le hiarratais i gcomhair ligean isteach ar	6 Samhain 2020
Is é an dáta faoina gcuirfear an cinneadh maidir lena n-iarratas in iúl d'iarratasóirí ná	27 Samhain 2020
Is í an tréimhse nach mór d'iarratasóirí a dheimhniú go bhfuil siad ag glacadh le tairiscint ar ligean isteach laistigh di ná	14 LÁ FÉILIRE

Nóta: Measfaidh an scoil iarratais dhéanacha agus eiseoidh cinntí orthu de réir polasaí iontrála na scoile.
***Mura nglactar le tairiscint taobh istigh den am atá leagtha síos thuas, d'fhéadfaí an tairiscint a tharraingt siar**

Líon na n-áiteanna atá á gcur ar fáil in 2021.2022

Is é líon na n-áiteanna atá á gcur ar fáil sna Naíonáin Shóisearacha ná	Féach an Polasaí Iontrála

CUID 2 - Ligean isteach i scoilbhliain 2020.2021

Eolas maidir leis an bpróiseas um ligean isteach don Ghrúpa Iontrála sna Naíonáin Shóisearacha don scoilbhliain 2020.2021

Maidir leis an scoilbhliain 2020.2021 ba é an líon iomlán iarratas ar ligean isteach a fuair an scoil ná 66

Miondealú ar na háiteanna atá leithdháilte don scoilbhliain 2020.2021:	
Líon na n-áiteanna ar fáil:	30
Líon na n-iarratas a fuarthas:	66
Líon na dTairiscintí a rinneadh agus ar glacadh leo faoi gach critéar	Rugadh gach páiste roimh 1 Márta 2016 Deartháireacha/Deirfiúracha: Rinneadh 19 tairiscint – Ghlac 17 leis an tairiscint Páistí le Baill na Foirne: Rinneadh tairiscint amháin – Ghlac 1 leis an tairiscint Páistí a bhí á dtógáil go hiomlan trí Ghaeilge: Rinneadh tairiscint amháin – Ghlac 1 leis an tairiscint Páistí a bhí á dtógáil le Gaeilge mar cheann de phríomhtheangacha an teaghlaigh: Rinneadh 8 tairiscint – Ghlac 7 leis an tairiscint Páistí a bhí á dtógáil le Gaeilge á labhairt acu nó leo go rialta : Rinneadh 4 tairiscint – Ghlac 4 leis an tairiscint
Líon iomlán an dtairiscintí a rinneadh	33
Líon na n-ainmneacha a cuireadh ar an liosta feithimh don scoilbhliain lena mbaineann.	27

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Scoil Oilibhéir

Fógra Bliantúil Maidir le Ligean Isteach

Annual Admission Notice

In respect of admissions to the 2021.2022 school year

Admission Policy and Application Form

A copy of the school's Admission Policy and the Application Form for Admission for the 2021.2022 is available as follows: –

To download at: www.gaelscoiloilibheir.ie

On request, by emailing; runai.scoil.oilibheir@gmail.com or by writing to:

Scoil Oilibhéir
An Chúil Mhín
Cluain Saileach
Baile Átha Cliath 15
D15 PX99

PART 1 - Admissions to the 2021.2022 school year

Application and Decision Dates for admission to Scoil Oilibhéir 2021.2022

The following are the dates applicable for admission to Junior Infants

The school will commence accepting applications for admission on	15 OCTOBER 2020
The school shall cease accepting applications for admission on	6 NOVEMBER 2020
The date by which applicants will be notified of the decision on their application is	27 NOVEMBER 2020
The period within which applicants must confirm acceptance of an offer of admission is	14 CALENDAR DAYS

*Failure to accept an offer within the prescribed period above and in accordance with the Admission Policy may result in the offer being withdrawn

Note: the school will consider and issue decisions on late applications in accordance with the school's admission policy.

Number of places being made available in 2021.2022

The number of places being made available in junior infants is	SEE ENROLMENT POLICY

PART 2 - Admissions to the 2020.2021 school year

Information regarding the admission process for the Intake Group for Junior Infants for the 2020.2021 school year

In respect of 2020/2021 school year, the total number of applications for admission received by the school was 66

Breakdown of places allocated for the 2020/2021 school year:	
Number of places available:	30
Number of applications received:	66
Number of Offers made and accepted under each criteria:	All children born before 1 March 2016 Siblings: 19 offered – 17 accepted Children of Staff: 1 offered – 1 accepted Children raised exclusively through Irish: 1 offered - 1 accepted Children raised with Irish as one of the main languages of the home: 8 offered – 7 accepted Children who speak or hear Irish regularly: 4 offered – 4 accepted
Total number of offers made	33
Number of names placed on waiting list for the school year concerned.	27

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

#